


An tÚdarás Póilíneachta
Policing Authority

# Eispéiris ar Phóilíneacht i measc Brasaíleach agus Daoine de shliocht Afracach in Éirinn

inar
Irish Network Against Racism

Integration
Diversity
Equality
Analysis.
Lucy Michael Research
Training & Consultancy

Márta 2025

**EISPÉIRIS LEIS AN bPÓILÍNEACHT AG AN bPOBAL BRASAÍLEACH AGUS AG DAOINE DE BHUNADH NA hAFRAICE IN ÉIRINN**

# Achoimre Feidhmiúcháin

Sa tuarascáil seo, a choimisiúnaigh Údarás Póilíneachta na hÉireann (an tÚdarás) agus a chuir Irish Network Against Racism (INAR) i dtoll a chéile, leis an Dr Lucy Michael, déantar imscrúdú ar eispéiris leis an bpóilíneacht i measc na bpobal Afracach agus Brasaíleach in Éirinn. An príomhchuspóir atá leis an tuarascáil ná tuiscint a fháil ar chineál agus méid na n-idirghníomhaíochtaí a bhíonn ag na pobail sin leis na póilíní, dearcthaí agus meonta ar fhorfheidhmiú an dlí a mheas, agus réimsí a bhfuil feabhas le chur orthu a shainaithint chun idirghníomhaíocht idir an pobal agus na póilíní a fheabhsú.

Léirítear i dtaighde a rinneadh san Aontas Eorpach le déanaí go mbíonn tionchar mór ar éifeachtacht sheirbhísí na bpóilíní ag fadhbanna le muinín agus tuairimí diúltacha faoi na póilíní i bpobail mhionlaigh. I measc na ndúshlán sin tá tearc-phóilíneacht, ró-phóilíneacht, próifíliú ciníoch, agus an gá le sonraí níos fearr faoi chaidreamh na bpóilíní le pobail mhionlaigh. Léiríonn comhthéacs an AE go gcaithfidh Éire ailíniú leis na hiarrachtaí san Eoraip i gcoitinne chun feabhas a chur ar chleachtais phóilíneachta agus chun comhlíontacht le caighdeáin um chearta an duine a chinntiú.

## Eispéiris Brasaíleach agus daoine de bhunadh na hAfraice in Éirinn

Tá an tuarascáil seo á heisiúint tráth a bhfuil méadú tagtha ar imní faoi chleachtais an Gharda Síochána agus an tionchar a bhíonn acu ar phobail mhionlaigh, mar gheall ar theagmhais a tharla le déanaí. Mar thoradh ar chásanna a bhí go mór i mbéal an phobail in Éirinn, mar shampla bás George Nkencho, chomh maith le claonadh frith-inimirceach atá ag dul i méid, tá aird mhór tarraingthe ar shaincheisteanna mar shampla an t-idirdhealú ciníoch i measc mionlach eitneach agus inimirceach, agus cuntasacht na bpóilíní.

Cuireann fás déimeagrafach na bpobal Afracach agus Brasaíleach, in éineacht leis na dúshláin uathúla shocheacnamaíocha atá acu, béim ar a phráinní atá sé dul i ngleic leis na saincheisteanna sin chun cóir chomhionann agus cosaint faoin dlí a chinntiú. Ina theannta sin, tá bearna mhór sa tuiscint reatha agus sa phróiseas ceaptha beartais maidir le heispéiris na bpobal sin leis an bpóilíneacht de bharr easpa sonraí cuimsitheacha ina leith. Tá sé mar aidhm ag an tuarascáil seo an bhearna sin a líonadh agus scrúdú mionsonraithe atá bunaithe ar fhianaise a dhéanamh ar na fadhbanna córasacha a dhéanann difear do na grúpaí sin.

## Modheolaíocht

Bhain an taighde le suirbhé náisiúnta ar líne a dhírigh ar Bhrasaíligh agus ar dhaoine de bhunadh na hAfraice, chun sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla a bhailiú faoina n-eispéiris leis an bpóilíneacht a bhailiú, chomh maith le fócasghrúpaí i gceantair thuaithe agus uirbeacha agus agallaimh aonair. Fuarthas amach faoi raon leathan idirghníomhaíochtaí trí na modhanna sin, ina measc teagmháil dhíreach leis na Gardaí, dearcthaí faoi sheirbhísí póilíneachta, teagmhais idirdhealaithe nó mí-úsáide, agus feasacht ar chearta.

## Príomhthorthaí

Tá roinnt tionscnamh curtha i bhfeidhm ag an nGarda Síochána atá dírithe ar chaidreamh le pobail mhionlaigh a fheabhsú, ina measc oiliúint in éagsúlacht agus Clár ríomhFhoghlama maidir le Coireacht Fuatha a chur ar bun. D'ainneoin na n-athruithe sin, tugann an taighde le tuiscint, fiú amháin sa chás go ndéantar coireanna fuatha a thuairisciú, go mbíonn an fhreagairt ó na Gardaí neamhleor go minic, agus dochrach d'íospartaigh uaireanta. Chuir roinnt mhaith rannpháirtithe easpa mhór muiníne as an nGarda Síochána in iúl. Bíonn drogall ar dhaoine coireanna a thuairisciú mar gheall go mbíonn eagla orthu nach nglacfar leo i ndáiríre, nó go bhféadfadh iarmhairtí a bheith ag tuairisciú, nó go raibh eispéiris dhiúltacha acu roimhe. Is léir go bhfuil dea-chleachtas ag teacht chun cinn maidir le coireanna fuatha a thaifeadadh, ach braitheann sé sin go mór ar dhaoine aonair agus ní dhéantar é go seasmhach ar fud na heagraíochta. Ar an gcaoi chéanna, tá feabhas tagtha ar fhreagairt na nGardaí ar fhoréigean baile, ach is mó i bhfad na heispéiris dhiúltacha a bhí ag roinnt íospartach agus an chóir mhíchuí a fuair amhrastaigh de bhunadh mhionlaigh eitneacha, rud a fhágann tearc-thuairisciú ar an gcineál coire sin.

Thuairiscigh cion mór rannpháirtithe go raibh idirghníomhaíochtaí diúltacha acu leis na póilíní nó go bhfaca siad idirghníomhaíochtaí diúltacha leis na póilíní. I measc na saincheisteanna coitianta bhí próifíliú ciníoch, iompraíocht idirdhealaitheach agus easpa tuisceana ar cheisteanna cultúrtha. Thug rannpháirtithe le fios gur tharla próifíliú ciníoch go minic, as a lean mímhuinín as na póilíní agus eagla rompu, agus braistint éagóra tríd is tríd. Mar thoradh ar na hidirghníomhaíochtaí sin a fheiceáil arís is arís eile, tá patrún de mhímhuinín agus olc ann i bpobail iomlána. Tá éifeacht aige sin ar oibrithe pobail freisin, daoine a d'oibrigh go dlúth leis na Gardaí roimhe seo, agus a mhothaíonn frustrachas agus éadóchas anois faoin neamhshuim i gceannaireacht shinsearach an Gharda Síochána i leith eispéiris a gcuid pobal.

Rinne rannpháirtithe sna hagallaimh agus sa suirbhé cur síos ar eispéiris trámacha nuair a stop comhaltaí den Gharda Síochána iad, ina measc nochtchuardach, damáiste do mhaoin agus gabháil éagórach. Bhí tionchar síceolaíoch fadtéarmach ag roinnt de na heispéiris sin ar dhaoine. Áirítear le príomhchúiseanna imní a bhfuil imscrúdú breise le déanamh orthu, mionchionta a bheith á ngéarú go tapa go dtí gabháil agus coinneáil, cearta a bheith á gcur in iúl go neamhleor, agus fianaise ar dhrochíde, lena n-áirítear mí-úsáid chiníoch, as a lean mímhuinín agus tráma. Mar gheall ar chóir mhíchothrom agus easpa trédhearcachta i rith na n-idirghníomhaíochtaí sin, tá roinnt mhaith daoine de chuid mionlach eitneach den tuairim go bhfuil baol i gceist le coireanna a thuairisciú nó dul i dteagmháil leis na Gardaí agus go bhféadfaidh sé a bheith neamhshábháilte dóibh.

Léirigh rannpháirtithe go raibh feasacht mheasartha acu ar chearta áirithe, mar shampla an ceart chun ionadaíocht dhlíthiúil a bheith acu nó chun dochtúir a fheiceáil agus iad faoi choimeád. Léirigh Brasaíligh níos mó feasachta ná Afracaigh nó Afracaigh-Éireannaigh ar a gcearta maidir le stopadh, cuardach, coimeád agus gearáin. Mar sin féin, bhí feasacht theoranta ag daoine ar an oibleagáid chun ainm agus seoladh a thabhairt má iarrann Garda iad, agus nach féidir cuardach a dhiúltú. Mar shampla, bhí a fhios ag 50% de Bhrasaíligh go gcaithfidh siad ainm agus seoladh a thabhairt má iarrann Garda iad, i gcomparáid le 29% d'Afracaigh agus de dhaoine eile de bhunadh na hAfraice.

Chuir rannpháirtithe ón Afraic agus ón mBrasaíl sceipteachas in iúl faoi éifeachtacht an phróisis gearán agus bhí drogall orthu gearán a dhéanamh de bharr eagla go ndéanfaí ciapadh orthu nó go mbeadh iarmhairtí ann sa todhchaí dá bharr. Bhí imní ar Bhrasaíligh go háirithe go bhféadfadh tionchar a bheith ag gearán a dhéanamh ar a stádas imirce. Díol suntais ab ea an fheasacht faoi Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) mar chomhlacht gearán, ach bhí míthuiscintí ann faoi chomhlachtaí gearán eile.

Dá thoradh sin, tá dearcadh diúltach ag an gcuid is mó de dhaoine ar iompraíocht agus meonta an Gharda Síochána i leith phobail de chuid mionlach eitneach. Féachtar ar an nGarda Síochána mar dhream a chuireann seirbhís laghdaithe ar fáil do phobail de chuid mionlach eitneach agus a dhéanann dochar dóibh go gníomhach trí phóilíneacht idirdhealaitheach. Tá an dearcadh sin láidir go háirithe i measc daoine níos óige agus daoine atá ina gcónaí in Éirinn le fada an lá. Léirigh Afracaigh agus Afracaigh-Éireannaigh níos lú muiníne as an nGarda Síochána agus bhraith siad go gcaitear níos déine le daoine bunaithe ar eitneacht.

Níor tháinig ach méadú beag ar mhuinín na bpobal Afracach agus Brasaíleach mar thoradh ar idirghníomhaíochtaí pearsanta le Gardaí aonair trí phóilíneacht phobail. Chuir rannpháirtithe fáilte roimh thionscnaimh rannpháirtíochta pobail, mar shampla gníomhaíochtaí agus imeachtaí for-rochtana, agus bhí siad buíoch astu. Mar sin féin, tá gá práinneach le hiarrachtaí chun muinín as an eagraíocht a chothú, go háirithe mar a bhaineann le ceartas i nósanna imeachta.

## Moltaí

Léirítear saincheisteanna ríthábhachtacha sa chaidreamh idir an Garda Síochána agus pobail na nAfracach agus na mBrasaíleach in Éirinn sa tuarascáil seo. Teastaíonn cur chuige ilghnéitheach chun dul i ngleic leis na dúshláin sin, lena n-áirítear athruithe ar bheartais, oiliúint níos fearr, agus rannpháirtíocht leanúnach leis an bpobal. Tá sé mar aidhm ag na torthaí agus na moltaí treoir a thabhairt don Údarás agus do pháirtithe leasmhara eile chun córas póilíneachta níos ionchuimsithí, níor córa agus níos éifeachtaí a chothú, córas a fhreastalóidh ar gach duine sa tsochaí ar bhealach cothrom.

1. An Moladh seo a leanas faoi Phóilíneacht sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais a chur i bhfeidhm go hiomlán: '*Aon chleachtais phóilíneachta a dhíríonn ar shainghrúpaí a fhulaingíonn ciníochas a shainaithint agus a dhíchur, lena n-áirítear trí phróifíliú ciníoch nó eitneach*', trí:
    - 1.1. Sainmhíniú cuimsitheach ar phróifíliú ciníoch a ghlacadh, ag tagairt do shainmhíniú an Choimisiúin Eorpaigh i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe (ECRI), agus a shainordú go ndéanfaí treoir na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha (FRA) maidir le próifíliú neamhdhleathach a chosc a chur in oiriúint agus a chur i bhfeidhm; agus
    - 1.2. Próifíliú ciníoch a thoirmeasc le dlí, lena n-áirítear gach cineál idirdhealaithe ciníoch, go díreach agus go hindíreach, ag Gardaí, agus dá bharr sin na moltaí ó Choiste na Náisiún Aontaithe maidir le Deireadh a Chur le Gach Cineál Idirdhealaithe Ciníoch a tugadh d'Éirinn in 2019 a chur i bhfeidhm, agus

1.3. Toirmeasc ar phróifíliú ciníoch a chur san áireamh i samhail chinnteoireachta an Gharda Síochána

2. Na forálacha agus nósanna imeachta reachtacha is gá ionas gur féidir sonraí imdhealaithe maidir le cine, eitneacht, creideamh, inscne agus míchumas a bhailiú agus a fhoilsiú a chur ar bun ar fud chóras ceartais choiriúil na hÉireann, lena n-áirítear staidrimh faoi oibríochtaí póilíneachta, na cúirteanna agus coireacht, chun tuiscint cheart a fháil ar an gcaoi a gcaitear le daoine de chuid mionlach eitneach agus ciníoch ag gach céim den chóras ceartais, lena n-áirítear i ndáil le forálacha na Treorach maidir le Cearta Íospartach.
3. Reachtaíocht a chur ar bun chun cúisimh chráiteacha a bheith á ndéanamh ag na Gardaí a thoirmeasc, chun a n-úsáid in aghaidh daoine de chuid pobal mionlach a laghdú;
4. Próiseas a chur ar fáil chun próifíliú ciníoch amhrasta a thaifeadadh agus córas le bheith mar bhonn eolais don chleachtas agus chun sainordú a thabhairt go bhfoilseofaí faisnéis faoin líon gearán maidir le próifíliú ciníoch amhrasta trí Fiosrú, comhlacht Ombudsman agus Gearán (GSOC roimhe seo);
5. Córais láidre a fhorbairt in Fiosrú (GSOC roimhe seo) agus san Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail (PCSA) (an tÚdarás Póilíneachta agus Chigireacht an Gharda Síochána roimhe seo) chun gach gearán a bhaineann le hidirdhealú ciníoch agus mí-iompar ciníoch a láimhseáil agus chun anailís a dhéanamh orthu, chun monatóireacht a dhéanamh ar iompar Gardaí agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus cleachtais i bhfianaise na dtorthaí;
6. Athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh ar bheartais a bhaineann le hoibríochtaí stoptha agus cuardaigh agus le hoibríochtaí póilíneachta eile sa phobal lena chinntiú go bhfuiltear á gcur i bhfeidhm ar bhealach cóir agus gan chlaonadh, agus breithniú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag na hoibríochtaí póilíneachta go léir ar phobail mhionlaigh;
7. Tagairt shonrach d'idirdhealú ciníoch a chur ar bun sna Rialacháin maidir le hIompar a leagtar amach san Acht Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail 2024;
8. Cláir oiliúna chuimsitheacha éigeantacha do chomhaltaí an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm faoi na téamaí inniúlacht chultúrtha, frithchiníochas agus cumarsáid éifeachtach le pobail mhionlaigh, agus go háirithe deireadh a chur le próifíliú ciníoch sa chleachtas póilíneachta (de réir CERD GPR36, ECRI GPR11);
9. A chinntiú go bhfuil feidhm ag cosaintí coimeádta ón nóiméad a ghabhtar duine (agus fad atá duine á iompar go dtí stáisiún na nGardaí), lena n-áirítear treoir a thabhairt faoi úsáid fornirt, faisnéis faoi chearta agus na cúiseanna leis an ngabháil a chur in iúl, agus cuntasacht na nGardaí as caighdeán cuí cúraim. D'fhéadfadh beartais an PSNI (Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann ) maidir le ról an tSáirsint Choimeádta feidhmiú mar shampla maith den dea-chleachtas;
10. Struchtúir chomhpháirtíochta idirchultúrtha a chur ar bun i ngach rannán idir an Garda Síochána agus ionadaithe éagsúla i bpobail de chuid mionlach eitneach chun for-rochtain a éascú, muinín a chur chun cinn agus idirphlé láidir agus tráthrialta a dhéanamh, chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht bheartais agus

chleachtais phóilíneachta agus chun feasacht ar chearta a chur chun cinn, tuairisciú coireanna a spreagadh agus dea-chaidreamh pobail a chur chun cinn;

11. Moladh Uimh. 16 de Bheartas Ginearálta an ECRI a chur i bhfeidhm (GPR Uimh. 16) chun cosaintí nós imeachta a chur ar bun—ar a dtugtar 'balla dóiteáin' go minic—chun gníomhaíochtaí forfheidhmithe inimirce a dheighilt ó sheirbhísí poiblí riachtanacha eile (lena n-áirítear cosc a chur ar stádas inimirce duine atá ag tuairisciú coire nó ag tabhairt fianaise ar choir a sheiceáil) agus an nós imeachta seo a chur in iúl do phobail mhionlaigh.
12. Sonraí a bhailiú go leordhóthanach maidir le sásamh grúpaí de chuid mionlach eitneach agus imirceach chun iad a thagarmharcáil agus a athbhreithniú, trí shamplaí treisithe ó ghrúpaí eitneacha a chur le Suirbhé na Príomh-Oifige Staidrimh ar Choireacht agus Íospairt agus le Suirbhé an Gharda Síochána ar Dhearcadh an Phobail.

MICHAEL, L., O CURRY, S., SILVA, R.S. ET AL., (2025) EXPERIENCES OF POLICING AMONGST BRAZILIANS AND PEOPLE OF AFRICAN DESCENT IN IRELAND. DUBLIN: POLICING AUTHORITY.
ISBN 978-1-0369-1650-3

# MOLTAÍ

## EISPÉIRIS LEIS AN bPÓILÍNEACHT AG AN bPOBAL BRASAÍLEACH AGUS AG DAOINE DE BHUNADH NA hAFRAICE IN ÉIRINN

**DON RIALTAS, DO CHOMHLACHTAÍ MAOIRSEACHTA PÓILÍNEACHTA AGUS DON GHARDA SÍOCHÁNA**

### PRÓIFÍLIÚ CINÍOCH:

AON CHLEACHTAIS PHÓILÍNEACHTA A DHÍRÍONN AR SHAINGHRÚPAÍ A FHULAINGÍONN CINÍOCHAS A SHAINAITHINT AGUS A DHÍCHUR, LENA N-ÁIRÍTEAR TRÍ PHRÓIFÍLIÚ CINÍOCH NÓ EITNEACH.

- SAINMHÍNIÚ CHUIMSITHEACH & TREOIR AR PHRÓIFÍLIÚ CINÍOCH A GHLACADH
- TOIRMEASC A CHUR SAN ÁIREAMH I SAMHAIL CHINNTEOIREACHTA AN GHARDA SÍOCHÁNA
- ATHBHREITHNIÚ AR OIBRÍOCHTAÍ STOPTHA & CUARDAIGH AGUS EILE CHUN CLAONADH A LAGHDÚ
- PRÓISEAS TAIFEADTA A CHRUTHÚ
- AN LÍON GEARÁN A DHÉANTAR A FHOILSIÚ

### IOMPAR & MAOIRSEACHT:

- TAGAIRT A DHÉANAMH D'IDIRDHEALÚ CINÍOCH I RIALACHÁIN IOMPAIR
- CÓRAIS LÁIDRE A CHUR AR BUN IN FIOSRÚ & PCSA FAOI IDIRDHEALÚ CINÍOCH
- COSAINTÍ COIMEÁDTA A CHUR I bhFEIDHM GO hIOMLÁN ÓN NÓIMÉAD A GHABHTAR DUINE

### RIALÚ:

- IDIRDHEALÚ CINÍOCH A THOIRMEASC LE DLÍ
- REACHTAÍOCHT A RITH FAOI CHÚISIMH CHRÁITEACHA
- FORFHEIDHMIÚ INIMIRCE A DHEIGHILT Ó SHEIRBHÍSÍ
- REACHTAÍOCHT A RITH FAOI SHONRAÍ EITNEACHA A BHAILIÚ & A FHOILSIÚ

### COMHPHÁIRTÍOCHT IDIRCHULTÚRTHA

- STRUCHTÚIR I nGACH RANNÁN
- FOR-ROCHTAIN CHUN MUINÍN A FHORBAIRT
- IDIRPHLÉ
- ATHBHREITHNIÚ AR BHEARTAS & CLEACHTAS
- FEASACHT AR CHEARTA A CHUR CHUN CINN
- TUAIRISCIÚ A SPREAGADH
- DEA-CHAIDREAMH LE POBAIL A CHUR CHUN CINN

### MONATÓIREACHT AR THIONCHAR:

- SONRAÍ A BHAILIÚ FAOI SHÁSAMH GRÚPAÍ DE CHUID MIONLACH EITNEACH AGUS IMIRCEACH
- TIONCHAR AG OIBRÍOCHTAÍ PÓILÍNEACHTA AR PHOBAIL A MHEAS

MICHAEL, L., O CURRY, S., SILVA, R.S. ET AL., (2025) EXPERIENCES OF POLICING AMONGST BRAZILIANS AND PEOPLE OF AFRICAN DESCENT IN IRELAND. DUBLIN: POLICING AUTHORITY. ISBN 978-1-0369-1650-3

IRISH NETWORK AGAINST RACISM

Integration Diversity Equality Analysis. Lucy Michael Research Training & Consultancy

# PRÍOMHTHORTHAÍ

EISPÉIRIS LEIS AN bPÓILÍNEACHT AG AN bPOBAL BRASAÍLEACH AGUS AG DAOINE DE BHUNADH NA hAFRAICE IN ÉIRINN

## COIREANNA A THUAIRISCIÚ

- BEAGÁN MUINÍNE AS FREAGAIRTÍ AN GHARDA SÍOCHÁNA
- TUAIRISCÍONN ÍOSPARTAIGH NACH gCREIDTEAR IAD, GO mBÍONN IARMHAIRTÍ DIÚLTACHA ANN & GO gCAITEAR LEO GO NAIMHDEACH
- NÍ DHÉANTAR TAIFEADADH COIREANNA FUATHA GO SEASMHACH FÓS
- MOTHAÍONN URLABHRAITHE POBAIL GUR LIGEADH SÍOS IAD

" CHAITH SIAD LIOM AMHAIL IS BA MISE AN COIRPEACH. GHLAOIGH MÉ ORTHU CHUN CABHAIR A FHÁIL AGUS BHÍ EAGLA AN DOMHAIN ORM ROMPU AR DEIREADH."

## IOMPAR GARDAÍ & FORNEART

- MIONTEAGMHAIS Á nGÉARÚ GO DTÍ GABHÁIL
- ÚSÁID IOMARCACH NÓ DHÍRÉIREACH AS FORNEART.
- MEASTAR GO BHFUIL EASPA TRÉDHEARCACHTA & CUNTASACHTA AG BAINT LE hIOMPAR GARDAÍ

'CAILLEANN NA PÓILÍNÍ NEIRBHÍS & ÉIRÍONN SIAD NÍOS IONSAITHÍ.'

"CUARDAÍODH MÉ CHOMH MINIC SIN GUR STOP MÉ AG DUL AMACH. BHRAITH MÉ MAR AMHRASTACH AS A BHEITH ANN."

## STOPADH

- DROCH-CHUMARSÁID Ó GHARDAÍ MAIDIR LE CEARTA A CHUR IN IÚL
- NÍL FEASACHT AG CÁCH AR CHEARTA UM STOPADH & CUARDAIGH
- MÍTHUISCINT AG MÓRÁN AR CHEARTA NÓ EAGLA ORTHU IAD A DHEARBHÚ.

"STOP SIAD MÉ OS COMHAIR MO PHÁISTÍ, BHRAITH MÉ NÁRBH FHIÚ DADA MÉ."

"NÍLIMID SÁBHÁILTE LE GARDAÍ, ACH NÍLIMID SÁBHÁILTE GAN IAD ACH AN OIREAD."

## GEARÁIN

- NÍ CHREIDEANN ACH 1 AS 5 GO gCAITHFÍ GO COTHROM LEO I gCÁS GEARÁIN
- DÍSPREAGANN EAGLA ROIMH FHRITHBHEART DAOINE Ó GHEARÁIN A DHÉANAMH.

"PRÓISEAS AN-CHASTA É GEARÁN A DHÉANAMH."

MICHAEL, L., O CURRY, S., SILVA, R.S. ET AL., (2025) EXPERIENCES OF POLICING AMONGST BRAZILIANS AND PEOPLE OF AFRICAN DESCENT IN IRELAND. DUBLIN: POLICING AUTHORITY. ISBN 978-1-0369-1650-3